# Fleá na bPrátaí



## Clár na n-Imeachtaí* - 4 –7 Lúnasa '23

## Imeachtaí ag Fleá na bPrátaí

### Amhránaíocht, Ceol agus Damhsa

- Tabharfar spléachadh ar an fhláitheas trí cheol agus beidh cluas tugtha le héisteacht don bhéal bhinn, do gheantraí, do gholtraí is do shuantraí.

### Scéalaíocht agus Filíocht

- Níl amhras ar bith ach go mbeidh cúrsaí níos fusa a rá ná a dhéanamh. Ní líonfar bolga le caint agus beidh go leor focla ag imeacht le gaoth mar aon le focla móra ráite is droch-chur leo. Glacfar leis go mbeidh na céadta focal scaoilte ó bhéal sula bheas aon ghníomh déanta

### Dúlra agus Garraíodóireacht

- Beidh an dúchas i bhfad níos treise na an oiliúint sa gharraí agus beimid ag glacadh leis an saol mar a thagann sé linn agus muid ag maireachtáil ar scáth a chéile

### Graiméar Gaeilge na nGael

- Cuirfear *'áit speisialta'* ar fáil dóibh siúd a bheas ag iarraidh cúrsaí gramadaí a phlé

### Rogha gach Bi & Togha gach Di

- Beidh deochanna níos túisce ná na scéalta agus glactar leis go mbeidh prátaí ar maidin, tráthnóna agus má éiríonn daoine san oíche prátaí a gheobhaidh siad.






## Clár ama

**Seo na príomhphointí:**

- Beidh an coileach ag fógairt an lae
- Nuair a bheas an cat amuigh beidh na luchóga ag rince
- Titfidh cúrsaí amach mar a thiteann
- Is iomaí scéal a bheas ag teacht aniar aduaidh orainn uilig
- Is olc an cearc nach scríobfaidh di féin
- Éasca nóin ná maidin
- Tiocfaidh an óige agus í molta
- Ni mar a shíltear a bheas imeachtaí
- Is é an t-am is fearr chun tae a ól ná am ar bith
- Cumfar rialacha de réir mar is mian le coiste '**Fleá na bPrátaí'**
- Beidh rudaí annamh iontach
- Beidh scéalta maithe ag an aimsir
- Molfar gach lá tráthnóna
- Beidh laethanta eile ag an Bhaoilleach